2025/2258

10.11.2025

CINNEADH (AE) 2025/2258 ÓN gCOMHAIRLE

an 31 Deireadh Fómhair 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair a mhéid a bhaineann le glacadh cinntí lena leasaítear Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin maidir le táirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus próisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1), i gcomhar le h Airteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle ([1]), thug an tAontas Coinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ([2]) ('an Coinbhinsiún') i gcrích agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Lúnasa 2017.

(2) De bhun Airteagal 27 i gcomhar le hAirteagal 26 den Choinbhinsiún, tugtar de chumhacht do Chomhdháil na bPáirtithe cinntí a ghlacadh lena nglacfar Iarscríbhinní nua a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus lena leasófar na hIarscríbhinní a ghabhann leis atá ann cheana.

(3) Ag an séú cruinniú dá cuid, tá coinne leis go nglacfaidh Comhdháil na bPáirtithe sa Chomhaontú ('COP 6'), a bheidh ar siúl ón 3 go dtí an 7 Samhain 2025, cinneadh amháin nó níos mó chun Iarscríbhinní A agus B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú. In Iarscríbhinn A tá liosta de tháirgí ina bhfuil comhábhar de mhearcair agus atá faoi réir toirmisc ar mhonarú, ar allmhairiú agus ar onnmhairiú ar dháta sonraithe nó faoi réir bearta rialaithe mearcair. In Iarscríbhinn B tá liosta de phróisis mhonaraíochta ina n-úsáidtear mearcair nó comhdhúile mearcair ('próisis mhearcair') atá faoi réir oibleagáid deireadh a chur le húsáid mearcair ar dháta sonrach nó faoi réir ceanglais maidir le mearcair a rialáil.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag COP 6 a bhunú, toisc go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na gníomhartha atá beartaithe ag COP 6.

(5) Ag COP 6, ba cheart don Aontas an seasamh a ghlacadh go dtacóidh siad le glacadh cinntí atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais, agus ar an dóigh sin is é is aidhm leo an bhearna idir dlí an Aontais agus an Coinbhinsiún a laghdú. Ba cheart a áireamh leis sin tacú le toirmeasc ar mhalgam fiaclóireachta ach an díolúine maidir le malgam fiaclóireachta is gá le haghaidh riachtanais shonracha leighis a choinneáil ar bun, a leagtar amach in Airteagal 10(2a) de Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Ba cheart don Aontas tacú le cinntí maidir le próisis mhearcair atá toirmiscthe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2017/852. Leis na cinntí sin, ba cheart na próisis sin a chéimniú amach faoi dhátaí sonraithe nó ceanglais níos déine a thabhairt isteach lena rialaítear úsáid mearcair do na próisis sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair ('an Coinbhinsiún'), tacú le glacadh na nithe seo a leanas:

(a) cinntí lena leasaítear Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún atá comhsheasmhach le *acquis* an Aontais maidir le malgam fiaclóireachta; agus

(b) cinneadh lena leasaítear Iarscríbhinn B a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile le próisis mhearcair atá toirmiscthe cheana féin faoi Rialachán (AE) 2017/852 faoi dhátaí sonraithe nó go gcuirfear faoi réir ceanglais níos déine iad lena rialaítear úsáid mearcair.

([1]) Cinneadh (AE) 2017/939 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair thar ceann an Aontais Eorpaigh (IO L 142, 2.6.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/939/oj).
([2]) IO L 142, 2.6.2017, lch. 6.
([3]) Rialachán (AE) 2017/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le mearcair, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1102/2008 (IO L 137, 24.5.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/852/oj).

Airteagal 2

Maidir leis an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 a mhionchoigeartú, i bhfianaise forbairtí ag an séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún, féadfaidh ionadaithe an Aontais, i gcomhairle leis na Ballstáit, an mionchoigeartú sin a chomhaontú, le linn cruinnithe comhordaithe ar an láthair gan cinneadh breise ón gComhairle.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 31 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BJERRE